Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6937/25**

**ENV 141**
**CLIMA 65**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Beartais chomhshaoil dhomhanda<br>– Seisiún tuairimíochta |

1. De théisclim don seisiún tuairimíochta maidir leis an ábhar thuasluaite ag cruinniú na Comhairle (Comhshaol) an 27 Márta 2025, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta agus na ceisteanna atá i gceangal leis seo do na hairí.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh an tseisiúin tuairimíochta.

## Beartais chomhshaoil dhomhanda

### – Seisiún tuairimíochta –

Is é Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) an príomhúdarás domhanda ar an gcomhshaol. Ó bunaíodh an clár in 1972, tá ceannaireacht, eolaíocht agus réitigh curtha ar fáil aige maidir le raon leathan saincheisteanna comhshaoil. Tá borradh curtha aige faoi iarrachtaí agus faoi chomhar gach ceann de na 193 Bhallstát ar mhaithe leis an bpláinéad. Cumhdaítear, le sainordú Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, gach gné den chomhshaol nádúrtha, lena n-áirítear an aeráid, an t-aer, an t-uisce agus na haigéin, ithreacha, foraoisí agus an bhithéagsúlacht, ceimiceáin agus dramhaíl, chomh maith le raon leathan saincheisteanna trasearnálacha, lena n-áirítear an eolaíocht, dlí agus rialachas an chomhshaoil, an geilleagar glas, éifeachtúlacht acmhainne, tubaistí nádúrtha agus rannchuidiú na mban agus na hóige maidir le cosaint an chomhshaoil. Chun feabhas a chur ar staid an chomhshaoil dhomhanda, oibríonn sé le rialtais náisiúnta, leis an tsochaí shibhialta, leis an earnáil phríobháideach agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le cosaint an chomhshaoil.

In ainneoin na n-iarrachtaí go léir atá déanta ag raon leathan gníomhaithe atá ag gabháil do chosaint an chomhshaoil, tá an brú ar an gcomhshaol domhanda ag dul i méid i gcónaí. Mar gheall ar phatrúin neamh-inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais, táimid ag dul thar theorainneacha uile an phláinéid de réir a chéile, rud a iompaíonn géarchéim thriarach phláinéadach ina hilghéarchéim, ina mbeidh cáilíocht agus infhaighteacht uisce, sláinte agus táirgiúlacht ithreach, tiúchan iomarcach ceimiceán agus drochbhainistiú acmhainní criticiúla ina dteorainneacha nua agus sinn ag troid ar son pláinéad sláintiúil do chách.

Mar thoradh ar thírdhreacha geopholaitiúla atá ag athrú, ar ábhair imní slándála, ar an mbréagaisnéis agus ar an bpolarú, tá athrú tagtha ar thosaíochtaí na rialtas agus na saoránach, ó rathúnas fadtéarmach bunaithe ar chomhshaol glan go bainistiú géarchéime gearrthéarmach. De dheasca easaontais maidir leis na cúiseanna atá le géarchéimeanna comhshaoil, na tosaíochtaí a bhaineann leo agus na réitigh orthu, baintear an bonn den mhuinín atá againn as ár gcumas iad a réiteach trí idirphlé iltaobhach. Fágann an mhoill ar chur chun feidhme go bhfuil géarchéimeanna – mar aon leis na costais a bhaineann leo – ag dul i méid, rud a chiallaíonn go bhfuil an bhearna airgeadais idir na riachtanais agus na hacmhainní atá ar fáil ag dul i méid.

Léiríonn an chaibidlíocht reatha maidir le hionstraim nua idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí i ndáil le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, go soiléir na hábhair imní thuasluaite go léir a bhaineann le réitigh iltaobhacha ar fhadhbanna casta domhanda an chomhshaoil. Cé gur glacadh an cinneadh an ionstraim sin a fhorbairt in 2022 agus go rabhthas ag súil go dtabharfaí an obair chun críche faoi dheireadh 2024, le linn cúig chruinniú den Choiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach, chinn ar na páirtithe teacht ar chomhréiteach maidir le fadhb dhomhanda shoiléir nach mór aghaidh a thabhairt uirthi go práinneach. Baineann na príomhphointí easaontais leis an gcéim i saolré na bplaisteach ag a gcaithfimid gníomhú agus leis an tslí a maoineofar gníomhaíochtaí amach anseo agus oidhreacht an truaillithe phlaistigh sa chomhshaol. Chun dul i ngleic go héifeachtach leis na fadhbanna sin, ní mór dúinn gníomhú a luaithe is féidir i slabhra luacha na bplaisteach, sula ndéanfar dramhaíl díobh a thruaillíonn an comhshaol.

Is bliain thábhachtach í 2025 do Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe. Meastar go nglacfar straitéis mheántéarmach agus clár oibre Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe do 2026-2029 ag an gcruinniú a bheidh ag Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe i mí na Nollag 2025 in Nairobi. Maidir leis an ionstraim nua idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí i ndáil le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, cuirfear tús leis an gcaibidlíocht ag an 5ú seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach sa Ghinéiv i mí Lúnasa 2025. Is den ríthábhachtach rannpháirtíocht leathan agus rannpháirtíocht dhomhain an Aontais agus na Ballstát ar leibhéal na n-airí agus na saineolaithe araon chun an dá chruinniú a thabhairt chun críche go rathúil. Tá rannpháirtíocht na n-airí fíor-riachtanach chun na dúsháinneacha maidir leis na saincheisteanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a bhaineann le táirgeadh príomhúil ó phlaisteach, ceimiceáin ar údar imní iad agus maoiniú a scaoileadh. Ní mór dúinn leas iomlán a bhaint as ár saineolas agus as ár naisc pholaitiúla chun na cruinnithe sin a stiúradh agus an ghéarchéim chomhshaoil ilghnéitheach atá ag teacht chun cinn a ghleic go héifeachtach.

Ceisteanna ar na hairí:

1. Conas is féidir leis an Aontas Eorpach agus na Ballstáit tacú le comhar éifeachtach i dtaca leis an gcomhshaol arb é is aidhm dó comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a chur chun feidhme agus rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht?

2. Conas is féidir leis an Aontas Eorpach agus na Ballstáit, chomh maith le stáit ard-uaillmhéine eile, rannchuidiú le toradh rathúil na caibidlíochta maidir le hionstraim nua idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, roimh INC-5.2 i mí Lúnasa 2025 sa Ghinéiv?